# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1199 ÓN gCOIMISIÚN

## an 11 Iúil 2022

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le hardaitheoirí le cosán taistil claonta agus lena gceartaítear an Cinneadh sin a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le rópaí sreinge cruach

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le Caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó le codanna de na caighdeáin chomhchuibhithe sin, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó leis na codanna sin díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 5884 ón gCoimisiún ([3]), rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) ("an iarraidh") caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 2014/33/AE. Go háirithe, iarradh ar CEN caighdeáin chomhchuibhithe atá ann cheana a athbhreithniú chun a áirithiú go mbeidh siad fós ag teacht leis an úrscothacht a nglactar léi i gcoitinne, chun na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/33/AE a chomhlíonadh, agus, i gcás inarb ábhartha, na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a chomhlíonadh, dá dtagraítear i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/33/AE.

(3) Ar bhonn na hiarrata, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 81-22:2014, caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 ón gCoimisiún ([5]). Rinneadh an t-athbhreithniú chun an caighdeán sin a chur in oiriúint do chreat dlíthiúil Threoir 2014/33/AE agus chun cur leis an deimhneacht dhlíthiúil agus an tsoiléireacht trí fhaisnéis níos beaichte a sholáthar in Iarscríbhinn ZA agus trí thagairtí normatacha dátaithe a thabhairt isteach. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN 81-22:2021 i ndáil le rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí le cosán taistil claonta chun daoine agus earraí a iompar. Ní dhearnadh aon athrú teicniúil substainteach ar chaighdeán comhchuibhithe EN 81-22:2014 mar thoradh ar an athbhreithniú sin.

(4) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann caighdeán EN 81-22:2021 an iarraidh.

---

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí (IO L 96, 29.3.2014, lch. 251).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 5884 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2016 maidir leis an iarraidh ar chaighdeánú chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú a mhéid a bhaineann le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí chun tacú le Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([4]) Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2021 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a dréachtaíodh mar thacú le Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 27, 27.1.2021, lch. 20).

(5) Comhlíonann caighdeán comhchuibhithe EN 81-22:2021 na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta is aidhm dó a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2014/33/AE. Dá bhrí sin, Is iomchuí an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76, liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/33/AE.

(7) Chun a áirithiú go liostaítear in aon ghníomh amháin na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/33/AE, ba cheart na tagairtí do chaighdeán comhchuibhithe EN 81-22:2021 a chuimsiú i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76.

(8) Cuirtear caighdeán comhchuibhithe EN 81-22:2021 in ionad chaighdeán comhchuibhithe EN 81-22:2014. Dá bhrí sin, an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 81-22:2014, is ga í a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart ar an gcaoi sin caighdeán comhchuibhithe EN 81-22:2014 a scriosadh ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76.

(9) Tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 12385-3:2004+A1:2008, EN 12385-5:2002 agus EN 13411-7:2006 +A1:2008 maidir le rópaí sreinge cruach, is i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 atá siad foilsithe faoi láthair. Mar sin féin, ní comhpháirteanna sábháilteachta iad rópaí sreinge cruach le haghaidh ardaitheoirí faoi mar a thagraítear dóibh in Airteagal 1(1), an dara fomhír, de Threoir 2014/33/AE, agus dá bhrí sin, ní féidir glacadh leis go bhfuil na caighdeáin chomhchuibhithe sin i gcomhréir leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach sa Treoir sin. Dá bhrí sin, is gá Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 a cheartú trí na tagairtí sin a scriosadh ó Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 a leasú agus a cheartú dá réir.

(11) Chun a ndóthain ama a thbhairt do mhonaróirí ullmhú le haghaidh caighdeán EN 81-22:2021 a chur i bhfeidhm, is gá tarraingt siar na tagartha do chaighdeán EN 81-22:2014 a chur siar.

(12) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na bun-cheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Pointe (1) d'Iarscríbhinn I ón 12 Eanáir 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 mar a leanas:

(1) scriostar iontráil 3;

(2) cuirtear isteach an iontráil 3a seo a leanas:

| | |
|---|---|
| "3a. | EN 81-22:2021<br>Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí — Ardaitheoirí le haghaidh iompar daoine agus earraí — Cuid 22: Ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí agus earraí le cosán taistil claonta". |

*IARSCRÍBHINN II*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76, scriostar iontrálacha 13, 14 agus 16.